An Coimisiún um thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

# Tuarascáil Bhliantúil 2013



# CLÁR ÁBHAR


| Mír | | Leathanach Uimh. |
|---|---|---|
| | Achoimre Fheidhmeach | 2 |
| 1 | Forbhreathnú ar mhaoiniú a rinne an Coimisiún in 2013 | 3 |
| 2 | Maoiniú a dháil an Coimisiún de réir earnála | 4 |
| 3 | Cinntí maidir le maoiniú do 2014 | 6 |
| 4 | Soláthar foirne agus oibrithe deonacha | 6 |
| 5 | An Fóram Comhchomhairleach | 6 |
| 6 | Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin in 2013 | 7 |
| Aguisín A | Iarratais ar mhaoiniú ar éirigh leo in 2013 | 9 |
| Aguisín B | Dáileadh an mhaoinithe in 2013 | 11 |
| Aguisín C | Maoiniú a dáileadh ar eagraíochtaí idir 2005 agus 2013 | 12 |
| Aguisín D | Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo agus líon na n-oibrithe deonacha | 13 |
| Aguisín E | Ballraíocht an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta | 14 |

**AN COIMISIÚN UM THACAÍOCHT D'ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA**

**TUARASCÁIL DON AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS**
**2013**

# Achoimre Fheidhmeach

- Dháil an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta €1,203,157 in 2013 ar 49 eagraíocht san earnáil dheonach a sholáthraíonn seirbhísí túslíne do thacaíocht d'íospartaigh na coireachta. Chaith na 49 eagraíocht a maoiníodh €1,196,478 san iomlán de mhaoiniú an Choimisiúin, arb ionann é agus méadú 5% ó chaiteachas 2012. Thug na heagraíochtaí maoinithe roinnt barrachais bheaga anonn ó 2012 go 2013.

- Cabhraíodh le 15,302 íospartach, ar an iomlán, tríd an maoiniú seo, i gcomparáid le 15,637 in 2012, arb ionann é agus laghdú 2% (mír 2.6).

- Bhí 49,357 cruinniú nó teagmháil ar an nguthán leis na híospartaigh sin. Nuair a dhéantar comparáid, bhí bunmhéadú 34% le sonrú ar an líon cruinnithe i gcomparáid le 2012 (mír 2.6).

- Thug 484 oibrí deonach cúnamh do thionscadail mhaoinithe (mír 4).

- Fostaíodh coibhéis 28 ball foirne lánaimseartha sna tionscadail chéanna (mír 4).

- Reáchtáladh cruinniú amháin den Fhóram Comhchomhairleach in 2013. Ba é téama an Fhóraim an caidreamh idir íospartaigh na coireachta agus na meáin (mír 5).

## 1. Forbhreathnú ar mhaoiniú a rinne an Coimisiún in 2013

1.1 Feidhm thábhachtach den Choimisiún is ea maoiniú a dháileadh ar eagraíochtaí san earnáil dheonach a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Cuireadh buiséad iomlán de €1,212,000 ar fáil don Choimisiún in 2013. Dháil an Coimisiún €1,203,157 ar 49 eagraíocht. Bhí líon beag eagraíochtaí nár chaith an maoiniú iomlán a dháileadh orthu, rud a d'fhág gur chaith na heagraíochtaí maoinithe €1,196,478 ar an iomlán. Caitheadh fuílleach an bhuiséid ar reáchtáil an Fhóraim Chomhchomhairligh agus ar chostais riaracháin eile.

1.2 Cuireadh fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2012 chun iarratais ar mhaoiniú do 2013 a lorg. Bhain formhór na n-iarratas a fuarthas le heagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú agus a fuair maoiniú ón gCoimisiún i mblianta roimhe sin. Fuair an Coimisiún 54 iarratas agus faomhadh 49 ceann díobh.

1.3 Tá an Coimisiún neamhspleách go hiomlán ina phróiseas cinnteoireachta agus scrúdaítear gach iarratas ar fhiúntas an iarratais féin. Bhain méid suntasach den mhaoiniú a cuireadh ar fáil le soláthar na seirbhíse tionlacain chúirte d'íospartaigh na coireachta, go háirithe íospartaigh foréigean teaghlaigh agus íospartaigh agus a dteaghlach a fhreastalaíonn ar an bPríomh-Chúirt Choiriúil i mBaile Átha Cliath. Ina theannta sin, thug an Coimisiún cúnamh d'eagraíochtaí chun tacaíocht mhothúchánach, comhairleoireacht agus faisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta trí línte cabhrach nó cruinnithe duine ar dhuine.

1.4 Cuireadh scéala faoi chinneadh an Choimisiúin chuig na heagraíochtaí rathúla go raibh siad le maoiniú a fháil faoi dheireadh mhí na Nollag 2012. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí tosaigh sa chéad ráithe in 2013, faoi réir gur comhlíonadh riachtanais an Choimisiúin maidir le tuarascálacha ar mhaoiniú 2012 agus próifílí caiteachais do 2013 a chur isteach. Leithdháiltear maoiniú ar bhonn íocaíocht tosaigh 80% den tsuim a dheonaítear, agus íoctar an 20% deiridh a luaithe a chomhlíontar roinnt coinníollacha. Faoi dheireadh Aibreáin 2013, íocadh €789,890 amach le heagraíochtaí maoinithe. Is éard a chiallaigh sin ná go ndearnadh thart ar 80% de na híocaíochtaí féideartha tosaigh ag an bpointe sin.

1.5 Rinne an Coimisiún mionanailís arís ar thuairisceáin cheann bliana 2013 a sholáthair na heagraíochtaí maoinithe. Tá an anailís iomlán ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin (www.csvc.ie) faoi "Foilseacháin" agus tá an teideal *Achoimre ar Mheasúnacht 2013 agus ar Thuarascálacha Airgeadais 2013* uirthi. Tugtar pointí a tháinig chun cinn san anailís maidir le líon na n-íospartach ar tugadh cúnamh dóibh agus na dteagmhálacha a rinneadh leis na híospartaigh siúd agus líon na foirne agu na n-oibrithe deonacha a bhí fostaithe ag na heagraíochtaí maoinithe i míreanna 2 agus 4 thíos.

1.6 Anuas air sin, thug an Coimisiún faoi anailís ar chuntas iniúchta 2012 a chuir na heagraíochtaí maoinithe isteach in 2013. Rinne siad anailís ar na cúlchistí a bhí a gcoimeád ag na heagraíochtaí siúd. Tugann an Coimisiún faoi deara go nochtann a gcúlchistí, a léirítear i seachtainí, ar an iomlán, go raibh cúlchistí ag na heagraíochtaí ag deireadh thréimhse chuntasaíochta 2012 chun íoc as 9 seachtaine de ghníomhaíocht. Bheadh leibhéal ní b'airde de chumhdach ní ba stuama, dá mbeadh seo indéanta. Ní lámh chúnta é, ina thaobh seo, go gceanglaíonn an Coimisiún go gcaitear an dáileadh laistigh den bhliain féilire. Prionsabal ginearálta cuntasaíochta an Rialtais atá ann seo, áfach. Ní hionann an scéal sna hearnálacha éagsúla maidir leis seo, agus ní raibh ach cúlchistí níos lú ná seachtain amháin ann i gcás eagraíocht amháin san earnáil ghinearálta agus bhí cúlchistí 175 seachtain ag eagraíocht eile san earnáil seo. Nocht an anailís gur tháinig laghdú 3% ar an ioncam iomlán do gach eagraíocht in 2012, i gcomparáid leis an ioncam in 2011. Ba iad na hearnálach ba mhó ar tháinig laghdú orthu na hearnálacha gnéasacha agus comhairleoireachta – ar tháinig laghdú 11% orthu sa dá chás. Tháinig laghdú 3% ar an gcaiteachas foriomlán, chomh maith.

## 2. Maoiniú a dháil an Coimisiún de réir earnála

2.1 Dheonaigh an Coimisiún maoiniú do dheich n-eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh na coireachta go ginearálta. Tá an Coimisiún ag oibriú le hearnáil na coireachta ginearálta chun seirbhísí a leathnú. Tá an Coimisiún sásta, freisin, go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na n-íospartach a bhfuil Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt ag cabhrú leo agus a bhfuil leas á bhaint acu as na háiseanna den chéad scoth d'íospartaigh atá i bhfoirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath. Chaith

eagraíochtaí maoinithe €487,509 san iomlán agus iad ag freastal ar riachtanais íospartaigh na coireachta ginearálta. B'ionann an caiteachas seo agus 41% den mhaoiniú a dháil an Choimisiúin. Bhíothas in ann tacú le 9,822 íospartach (chuir 2,679 glao ar an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta) a bhuíochas leis sin.

### 2.2 Seirbhísí d'íospartaigh foréigean teaghlaigh

D'fhaomh an Coimisiún 28 iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh foréigean teaghlaigh, go príomha chun seirbhís tionlacain chúirte a chur ar fáil. Chaith eagraíochtaí san earnáil seo €450,412 de mhaoiniú an Choimisiúin, arb ionann é agus 38% den mhaoiniú iomlán a dháil an Coimisiún. Cabhraíodh le 3,737 íospartach foréigean teaghlaigh, arb ionann é agus méadú 12% ar líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo in 2012.

### 2.3 Seirbhísí d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh

D'fhaomh an Coimisiún ceithre iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh. Chaith eagraíochtaí san earnáil seo €155,257 de mhaoiniú an Choimisiúin, arb ionann é agus 13% den mhaoiniú a dháil an Coimisiún ar eagraíochtaí maoinithe. Cabhraíodh le 654 íospartach drochúsáide gnéasaí trí mhaoiniú an Choimisiúin. Is ionann sin agus laghdú 24% ar líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo in 2012.

### 2.4 Seirbhísí comhairleoireachta

Chaith cúig eagraíocht a chuir seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do 860 íospartach na coireachta €63,100 de mhaoiniú an Choimisiúin in 2013. B'ionann an tsuim sin agus 5% de dháileadh foriomlán an Choimisiúin ar eagraíochtaí maoinithe.

### 2.5 Seirbhísí do leanaí arb íospartaigh na coireachta iad

Thug an Coimisiún maoiniú do *CARI* agus do *Barnardos* in 2013. Fuair *CARI*, a sholáthraíonn tacaíocht do leanaí arb íospartaigh dhrochúsáide gnéasaí iad, agus dá dtuismitheoirí nach ndéanann an drochúsáid, maoiniú i leith seirbhís tacaíochta tionlacain chúirte do leanaí a mbíonn orthu freastal ar an gcúirt mar fhinnéithe. Soláthraíonn *Barnardos* comhairleoireacht do leanaí ar lucht méala iad agus tacaíonn maoiniú an Choimisiúin le comhairleoireacht do na leanaí sin ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe. Is ionann an €40,200 den mhaoiniú a chaith an earnáil seo agus 3%

de dháileadh iomlán an Choimisiúin. Thacaigh na heagraíochtaí seo le 229 leanbh arb íospartaigh iad agus lena ndaoine muinteartha, ar méadú 67% é seo i gcomparáid le 2012.

2.6 **Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo**

Go hachomair, chabhraigh 49 eagraíocht le líon iomlán de 15,302 íospartach. Is ionann sin agus laghdú foriomlán 2% ar an líon íospartach ar tugadh cúnamh dóibh i gcomparáid le 2012. Tháinig laghdú 8% ar an líon íospartach ar tugadh cúnamh dóibh san Earnáil Ghinearálta agus tháinig laghdú 24% ar an earnáil Foréigin Ghnéasaigh. Bhí 49,357 cruinniú nó teagmháil ar an nguthán leis na híospartaigh seo i rith na bliana. B'ionann seo agus méadú ar an líon cruinnithe a tugadh le fios in 2012. B'éard ba chúis le cuid den mhéadú seo gur thuairiscigh 47 eagraíocht ar an líon cruinnithe in 2013, i gcomparáid le 41 eagraíocht a rinneadh tuairisciú ar an líon seo in 2012. Nuair a chuirtear na 41 eagraíocht a rinne tuairisciú in 2012 i gcomparáid leis na heagraíochtaí céanna in 2013, léirigh na 40,194 cruinniú in 2013 méadú suntasach 34% fós féin. Ba iad na meánlíonta teagmhálacha in aghaidh an íospartaigh, trí theagmháil, i gcomparáid le dhá cheann in 2013.

2.7 Ón uair a bunaíodh an Coimisiún in 2005 go dtí deireadh 2013, tá €9.626 milliún leithdháilte ag an gCoimisiún ar eagraíochtaí san earnáil dheonach a bhíonn ag tacú le híospartaigh na coireachta. Tugtar liosta na n-eagraíochtaí arna maoiniú ag an gCoimisiún in 2013 in Aguisín A.

## 3 Cinntí Maoinithe do 2014

3.1 Faoi mar a bhí i gceist i mblianta eile, chuir an Coimisiún fógra sna nuachtáin náisiúnta an 6 Deireadh Fómhair, 2013 ag lorg iarratas ar mhaoiniú do 2014, lena chinntiú go bhfaigheadh na comhlachtaí deonacha arna maoiniú ag an gCoimisiún a n-íocaíochtaí chomh luath agus ab fhéidir in 2014. Ba é an 23 Samhain 2013 an spriocdháta chun iarratais a fháil. Fuair an Coimisiún 54 iarratas, agus rinneadh iad a mheas agus rinneadh cinntí ina leith ag cruinniú an Choimisiúin i mí na Nollag 2013. Cuireadh in iúl d'iarratasóirí ar bpointe ansin an mbeadh maoiniú á thabhairt dóibh in 2014 nó nach mbeadh.

## 4. Soláthar Foirne agus Oibrithe Deonacha

4.1 Oibríonn 484 oibrí deonach, ar an iomlán, in eagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún. Bíonn earnálacha áirithe ag brath ar fhostaithe íoctha níos minice chun seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh. As na hoibrithe deonacha, d'oibrigh 292 acu ag cuidiú le híospartaigh na coireachta ginearálta, sholáthair 48 acu tacaíocht d'íospartaigh fhoréigean teaghlaigh, d'oibrigh 57 sa limistéar foréigin ghnéasaigh, d'oibrigh 86 sa limistéar comhairleoireachta agus d'oibrigh duine amháin le leanaí (Aguisín D). Chuir maoiniú an Choimisiúin ar chumas na n-eagraíochtaí an choibhéis de 28 fostaí lánaimseartha íoctha a fhostú freisin.

4.2 In 2013, tháinig méadú 4% ar chostais foirne an Choimisiúin agus tháinig méadú 19% ar chostais oibrithe deonacha i gcomparáid le figiúirí 2012.

## 5. An Fóram Comhchomhairleach

5.1 Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach d'Íospartaigh na Coireachta in 2009 le dearcadh íospartach a chur san áireamh tríothu siúd atá ag oibriú nó ag oibriú go deonach sna grúpaí. Freastalaíonn ionadaí amháin ó gach eagraíocht dheonach a ndéanann an Coimisiún maoiniú uirthi ar an bhFóram Cuireann an Fóram ar chumas na n-eagraíochtaí arna maoiniú ag an gCoimisiún ionchur a bheith acu i bhforbairt straitéise agus beartas chun cuidiú agus chun tacú le híospartaigh na coireachta. Éascaítear malartú dea-chleachtais idir na heagraíochtaí maoinithe freisin. Reáchtáil an Coimisiún naoi gcruinniú den Fhóram go dtí seo, lena n-áirítear cruinniú amháin den Fhóram Comhchomhairleach in 2013.

5.2 D'fhreastail os cionn 30 ionadaí ó na heagraíochtaí maoinithe ar an bhFóram a tionóladh i mí na Bealtaine 2013 agus pléadh an caidreamh idir íospartaigh na coireachta agus na meáin. Dhírigh sé ar an ngá chun cothromaíocht a bhaint amach idir cearta íospartach agus a dteaghlach i leith príobháideachais, an fhoráil bhunreachtúil go riartar an ceartas sa phobal saoire tuairimíochta na nuachtán. Rinne ceathrar ionadaithe de na heagraíochtaí maoinithe cur i láthair ar eispéiris íospartach leis na meáin, beirt iriseoirí agus Ombudsman an Phreasa, an tUasal John Horgan. Bhí gach duine a d'fhreastail ar aon tuairim gur sár-chur i láthair iad siúd a rinne ionadaithe na n-eagraíochtaí maoinithe. Ar a bharr sin, bhíothas ar aon intinn, sa chruinniú, go raibh an

cur i láthair a rinne na hiriseoirí ag an bhFóram an-mhacánta agus suimiúil agus gur baineadh tairbhe as an gcuntas a thug siad a chloisteáil ar conas a dhéileálann siad le híospartaigh na coireachta a gcastar leo, mar aon lena n-iarrachtaí chun déileáil leo go híogair agus na brúnna a bhíonn orthu chun spriocdhátaí a bhaint amach. Bhí an Coimisiún buíoch, chomh maith leis sin, den mhéid a chuir an tUasal Horgan leis agus an t-am a caitheadh agus an tiomantas a taispeánadh don lá.

## 6. Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin in 2013

6.1 D'fhreastail an Cathaoirleach, an tUasal McAndrew agus an tUasal Greg Heylin ar Chomhdháil Bhliantúil Tacaíocht d'Íospartaigh na hEorpa ('Victim Support Europe') i nDún Éideann i mí na Bealtaine 2013. D'oscail an tAire Fergus O'Dowd, T.D., an Chomhdháil, a rinne ionadaíocht d'Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann lena ról mar Uachtarán Chomhairle Eorpach na nAirí ina gcumraíocht Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile. Anuas air sin, labhair Rúnaí Comh-Aireachta Dlí agus Cirt na hAlban, Kenny MacAskill, ag oscailt na comhdhála.

6.2 Sheol an tUasal Alan Shatter, T.D., an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Tuarascáil Bhliantúil 2012 an Choimisiúin ag cruinniú príomhaithe, cruinniú Leibhéal na nAirí AE-SAM i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 14 Meitheamh 2013. D'fhreastail ionadaí ó dhá cheann déag de na heagraíochtaí a mhaoinigh an Coimisiún ar an imeacht, áit ar chas siad leis an Uasal Vivienne Reding, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an tUasal Cecilia Malmström, Coimisinéir Gnóthaí Baile an AE, an tUasal Eric Holder, Ard-Aighne SAM agus an tUasal Rand Beers, Leas-Rúnaí um Shlándáil Dúiche.

**Aguisín A**

# Iarratais ar Mhaoiniú ar éirigh leo in 2013

| | Eagraíocht | Catagóir | Maoiniú a leithdháileadh | Maoiniú a caitheadh |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Adapt (Ciarraí) | Foréigean Teaghlaigh | €22,500 | €22,500 |
| 2 | Adapt (Luimneach) | Foréigean Teaghlaigh | €42,000 | €42,000 |
| 3 | AdVIC | Ginearálta | €23,000 | €23,000 |
| *4 | Amen | Foréigean Teaghlaigh | €5,048 | €9,280 |
| 5 | Ascend | Foréigean Teaghlaigh | €13,000 | €11,461 |
| 6 | Barnados | Leanaí | €24,000 | €24,000 |
| 7 | Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light | Comhairleoireacht | €15,300 | €15,300 |
| 8 | CARI | Leanaí | €26,200 | €16,200 |
| 9 | Cúnamh na mBan, Ceatharlach | Foréigean Teaghlaigh | €15,700 | €15,700 |
| 10 | Seirbhísí Haven an Chláir | Foréigean Teaghlaigh | €10,500 | €10,500 |
| 11 | Cope, Gaillimh | Foréigean Teaghlaigh | €1,719 | €1,719 |
| 12 | Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta | Ginearálta | €71,000 | €70,732 |
| 13 | Cuan Saor Women's Refuge Ltd. | Foréigean Teaghlaigh | €20,000 | €20,000 |
| 14 | Foréigean Teaghlaigh (Seirbhís Abhcóideachta) | Foréigean Teaghlaigh | €8,200 | €8,200 |
| 15 | Freagairt d'Fhoréigean Teaghlaigh | Foréigean Teaghlaigh | €17,500 | €17,121 |
| 16 | Seirbhís Foréigean Teaghlaigh Dhún na nGall | Foréigean Teaghlaigh | €15,800 | €15,800 |
| 17 | Tearmann Ban Dhroichead Átha | Foréigean Teaghlaigh | €9,500 | €9,500 |
| 18 | Seirbhísí um Fhoréigean Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath 12 | Foréigean Teaghlaigh | €3,000 | €3,000 |
| 19 | Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath | Foréigean Gnéasach | €19,000 | €19,000 |
| 20 | Seirbhís Comhairleoireachta Dhún Dealgan | Comhairleoireacht | €19,000 | €19,000 |
| *21 | Cónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh | Ginearálta | €90,300 | €93,140 |
| 22 | An tSeirbhísí Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí | Ginearálta | €42,500 | €42,500 |
| 23 | Seirbhísí Tacaíochta Laoise in Aghaidh Drochíde Theaghlaigh | Foréigean Teaghlaigh | €14,700 | €14,576 |
| 24 | Tionscadal Ceartais Aisiríoch Le Chéile | Ginearálta | €5,000 | €5,000 |
| 25 | Ionad Ban Leitir Ceanainn | Comhairleoireacht | €4,800 | €4,800 |
| *26 | Lifeline, Inis Eoghain | Foréigean Teaghlaigh | €205 | €1,000 |
| 27 | Comhairleoireacht Dheonach Living Life | Comhairleoireacht | €15,400 | €15,400 |
| 28 | Nasc an Longfoirt do Mhná | Foréigean Teaghlaigh | €20,400 | €20,400 |
| 29 | Seirbhísí Tacaíochta do Mhná Mhaigh Eo | Foréigean Teaghlaigh | €23,000 | €23,000 |
| 30 | Tearmann Bhan na Mí | Foréigean Teaghlaigh | €27,000 | €27,000 |
| 31 | Seirbhísí Tacaíochta maidir le Daoine ar | Ginearálta | €8,600 | €8,600 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Iarraidh in Éirinn | | | |
| 32 | Mná Feasa | Foréigean Teaghlaigh | €25,000 | €24,990 |
| 33 | Oasis | Foréigean Teaghlaigh | €7,600 | €7,600 |
| 34 | Mná i nGéarchéim, Uíbh Fhailí | Foréigean Teaghlaigh | €9,300 | €9,300 |
| 35 | One in Four | Foréigean Gnéasach | €70,500 | €70,500 |
| 36 | An Líonra Éigeandála um Éigniú | Foréigean Gnéasach | €43,737 | €43,757 |
| 37 | Safe Link Ros Comáin | Foréigean Teaghlaigh | €17,300 | €17,300 |
| 38 | Safe Ireland | Foréigean Teaghlaigh | €4,000 | €4,000 |
| 39 | Comhlachas Tithíochta Saoirse | Foréigean Teaghlaigh | €14,400 | €14,400 |
| 40 | An tIonad um Fhoréigean Gnéasach, Corcaigh | Foréigean Gnéasach | €22,000 | €22,000 |
| 41 | Seirbhísí um Thacaíocht tar éis Coireachta | Ginearálta | €116,000 | €116,000 |
| 42 | Tacaíocht tar éis Dúnbhásaithe | Ginearálta | €47,500 | €47,409 |
| 43 | Comhlachas Tithíochta Tearmann | Foréigean Teaghlaigh | €14,800 | €14,800 |
| *44 | Tacaíocht d'Íospartaigh (Éire) | Ginearálta | €0 | €2,132 |
| 45 | Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt | Ginearálta | €78,996 | €78,996 |
| 46 | Seirbhís Tacaíochta na hIarmhí in Aghaidh Drochíde Theaghlaigh | Foréigean Teaghlaigh | €15,200 | €15,200 |
| 47 | Cúnamh do Mhná, Baile Átha Cliath | Foréigean Teaghlaigh | €57,792 | €53,504 |
| 48 | Cúnamh do Mhná, Dún Dealgan | Foréigean Teaghlaigh | €16,560 | €16,560 |
| 49 | Ionad Teiripe na mBan | Comhairleoireacht | €8,600 | €8,600 |
| | | | | |
| | Iomlán | | €1,203,157 | €1,196,478 |

* Sáraíonn an méid a caitheadh sna heagraíochtaí thuas an maoiniú a leithdháileadh mar gheall go raibh maoiniú ar láimh acu ag deireadh 2012. Chuir an Coimisiún seo san áireamh nuair a bhí a gcinntí á ndéanamh maidir le leithdháileadh le haghaidh 2013.

**Aguisín B**

## Dáileadh an Mhaoinithe in 2013

| | Costais Iomlána | Líon na dtionscadal | An meánchostas de réir Tionscadail | % de Chostas an Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| **Coireacht Ghinearálta** | €487,509 | 10 | €48,751 | 41% |
| **Foréigean Teaghlaigh** | €450,412 | 28 | €16,086 | 38% |
| **Foréigean Gnéasach** | €155,257.00 | 4 | €38,814 | 13% |
| **Comhairleoireacht** | €63,100.00 | 5 | €12,620 | 5% |
| **Leanaí** | €40,200.00 | 2 | €20,100 | 3% |
| **Iomlán** | €1,196,478 | 49 | €24,418 | |




| | |
|---|---|
| **Counselling** | **Comhairleoireacht** |
| **Sexual Violence** | **Foréigean Gnéasach** |
| **Domestic Violence** | **Foréigean Teaghlaigh** |
| **Children** | **Leanaí** |
| **General** | **Ginearálta** |

**Aguisín C**

## Maoiniú a dáileadh ar Eagraíochtaí idir 2005 agus 2013

| 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2,011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **€685,750** | **€885,250** | **€946,125** | **€1,057,148** | **€1,254,279** | **€1,273,696** | **1,166,548** | **€1,154,139** | **€1,203,157** |



**Aguisín D**

## Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo

| Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo | |
|---|---|
| **Earnáil** | **Na líonta ar cabhraíodh leo** |
| **Ginearálta** | *9,822 |
| **Foréigean Teaghlaigh** | 3,737 |
| **Foréigean Gnéasach** | 654 |
| **Comhairleoireacht** | 860 |
| **Leanaí** | **229 |
| **Iomlán** | **15,302** |

* Áirítear glaonna ar an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta
**Áirítear leis seo daoine muinteartha an linbh íospartaigh ar tugadh cúnamh dóibh

## Líon na nOibrithe Deonacha

| Líon na nOibrithe Deonacha | | | |
|---|---|---|---|
| | **Líon na nOibrithe Deonacha** | **Líon na dtionscadal a úsáideann oibrithe deonacha** | **Líon na dtionscadal nach úsáideann ach foireann** |
| **Ginearálta (10)** | 292 | 10 | 0 |
| **Foréigean Teaghlaigh (28)** | 48 | 9 | 19 |
| **Foréigean Gnéasach (4)** | 57 | 2 | 2 |
| **Comhairleoireacht (5)** | 86 | 3 | 2 |
| **Leanaí (2)** | 1 | 1 | 1 |
| **Iomlán (49)** | 484 | 25 | 24 |

### Líon na foirne

| Líonta Foirne | | |
|---|---|---|
| | **Líonta Foirne** | **Coibhéis lánaimseartha** |
| **Ginearálta** | 11 | 8 |
| **Foréigean Teaghlaigh** | 70 | 14 |
| **Foréigean Gnéasach** | 25 | 3 |
| **Comhairleoireacht** | 11 | 2 |
| **Leanaí** | 2 | 1 |
| **Iomlán** | 119 | 28 |

**Aguisín E**

## Ballraíocht an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

1. Baill an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta in 2013:
   An tUasal Ray McAndrew, Cathaoirleach (Iar-Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána) *
   An tUasal Terry Delany (Leas-Ard-Rúnaí, Ceardchumann Oibrithe Cumarsáide na hÉireann)**
   An tUasal Greg Heylin, ex officio (Stiúrthóir Oifig Íospartaigh na Coireachta)
   * Cuireadh deireadh le téarma Oifige an Uasail McAndrew an 31 Lúnasa 2013
   ** Cuireadh deireadh le téarma Oifige an Uasail Delany an 31 Nollaig 2013

1.2 Soláthraíonn Oifig Íospartaigh na Coireachta rúnaíocht lánaimseartha don Choimisiún